An 10 Deireadh Fómhair	Ba cheart na coigeartuithe iniúchta riachtanacha a ionchur in Sage 50 agus ní mór Deireadh na Bliana a rith in Sage 50 chun tuairisciú BOM cuí don Bhliain Airgeadais nua a éascú. Mura bhfuil na coigeartuithe ar fáil, déan an próiseas deireadh bliana a rith ar an dáta sin agus is féidir na coigeartuithe ábhartha leabhair chúnta do dheireadh na bliana (dar dáta 31.8.2025) a thaifeadadh sna cóid ábhartha don Chlár Comhardaithe in Sage 50.
30 Samhain	Cuireann cuntasóir isteach na dréachtchuntais bhliantúla.
31 Nollaig	Déanann an bord na cuntais a athbhreithniú agus a cheadú agus síníonn an Cathaoirleach iad, mar aon le ball amháin eile den bhord.
28 Feabhra	Cuireann an cuntasóir na cuntais isteach chuig an FSSU agus uaslódálann cóip PDF de na cuntais bhliantúla cheadaithe.

Uasghrádú Sage 50 Accounts & Leagan 32

Tá an chuid is mó d'Iar-bhunscoileanna Deonacha tar éis uasghrádú a dhéanamh agus tá leas á bhaint acu as rochtain ó chian ar shonraí agus ar na gnéithe a bhaineann le fothaí Bainc atá ar fáil leis an mbogearra. Molann an FSSU go láidir cianrochtain sonraí a chur ar bun do do Chuntasóir mar gheall go gcuirfidh sé le héifeachtúlacht an phróisis ullmhúcháin cuntas scoile ag deireadh na bliana airgeadais. Beidh ar do chuntasóir a bhogearra Sage a uasghrádú go dtí an leagan céanna freisin chun rochtain a fháil ar do shonraí.
Ní mór go mbeidh Sage 50 Client Manager a bheith ag do chuntasóir agus an leagan céanna de Sage atá ag an scoil a úsáid chun rochtain a fháil ar shonraí na scoile.

Moltar an leagan Sage a sheiceáil faoi Help / About agus a chinntiú gurb é an Leagan 32 atá á úsáid agat. Tá treoracha maidir le huasghrádú anseo i rannóg Sage 50 dár suíomh gréasáin. Ba chóir nós imeachta deireadh bliana in Sage 50 a phróiseáil faoin 10 Deireadh Fómhair, 2025

Chun tuarascálacha an Bhoird Bhainistíochta a rith i gcomhair na bliana nua, lena n-áirítear an buiséad le haghaidh 2025/2026 agus figiúir na bliana roimhe sin, ní mór Deireadh na Bliana Airgeadais a rith in Sage 50. Moltar gurb é an dáta is déanaí chun an próiseas Deireadh Bliana a rith in Sage an 10 Deireadh Fómhair, 2025 chun a chinntiú go bhfaighidh an Bord Bainistíochta na tuarascalacha cinntitheacha go léir don bhliain airgeadais nua. Reáchtálfar seimineár gréasáin chun cabhrú le clabhsúr a chur ar fhigiúirí Deireadh Bliana in Sage 50. Cliceáil anseo le haghaidh seimineáir ghréasáin oiliúna atá le teacht.

10. Ullmhú do Dheireadh na Bliana 2024/2025

Tá sé tábhachtach go mbeadh Cairt Cuntas na scoile i gcomhréir le Cairt na gcuntas athbhreithnithe FSSU; mar sin, moltar an liosta reatha cód ainmniúil in Sage 50 do scoile a chur i gcomparáid le Cairt athbhreithnithe na gCuntas FSSU chun aon neamhréireachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a aimsiú. Tá cóip reatha de Chairt Cuntas FSSU athbhreithnithe ar fáil ar ár suíomh gréasáin anseo . Éascóidh sin obair do chuntasóra/d'iniúchóra seachtraigh agus iad ag ionchur na gcuntas i gcóras taiscthe cuntas ar líne FSSU, agus ag tuairisciú faisnéis airgeadais don Roinn agus don Rialálaí Carthanas.

- Sula gcuirtear an próiseas deireadh bliana dar críoch an 31 Lúnasa 2025 i bhfeidhm, ba cheart na hidirbhearta uile ó lá go lá i gcomhair na bliana a bhreacadh. Ar an mbealach sin, is féidir a áirithiú go bhfuil do chuid tuarascálacha bainistíochta agus na rudaí a bhreacfar ag dheireadh na bliana cruinn. Tá seicliosta cuimsitheach cruthaithe againn thíos chun cabhrú leat a chinntiú go ndéantar gach idirbheart a thaifeadadh, agus go réitítear na cuntais go léir. <u>Tabhair faoi ndeara go mb'fhéidir nach mbainfeadh gach ceann acu leat</u>.

- Moltar duit comhad a ullmhú don chuntasóir/iniúchóir seachtrach, mar aon le cóip de na doiciméid ábhartha.

<u>Seo a leanas na príomhchéimeanna chun deireadh na bliana a ullmhú agus a chur i gcrích in Sage 50:</u>

<u>Céim 1: Déan na nithe ar an seicliosta seo a leanas:</u>

Roimh an bpróiseas Deireadh Bliana a Rith le haghaidh 2024/2025:	Déanta
1. Déan na hidirbhearta uile ó lá go lá i gcomhair na bliana a bhreacadh. Ar an mbealach sin, is féidir a chinntiú go bhfuil do chuid tuarascálacha bainistíochta agus breacadh dheireadh na bliana cruinn. B'fhearr aon choigeartuithe ó na cuntasóirí a bhreacadh leis na cóid Ioncaim agus chaiteachais laistigh de thréimhse ama réasúnta.	
2. Áirithigh go bhfuil ráitis bhainc agat maidir le cuntais uile na scoile, lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2025 agus áirithigh freisin go bhfuil na cuntais bhainc go léir réitithe suas go dtí an 31 Lúnasa 2025.	
3. Déan athbhreithniú ar an tuarascáil imréitigh bainc mar seo a leanas: **d.** Féach ar liosta na n-íocaíochtaí amuigh agus na bhfáltas ar an ráiteas imréitigh bainc lena chinntiú go bhfuil siad cruinn ceart. **e.** Ba chóir aon iontrálacha dúblacha a thabhairt faoi deara agus iad a scriosadh. **f.** Ba cheart gach íocaíocht/fáltas atá níos sine ná sé mhí d'aois a iniúchadh.	
4. Áirithigh go ndéantar na hidirbhearta mionairgid agus cárta creidmheasa a bhreacadh síos i gcomhair na bliana agus go luaitear na hiarmhéideanna sa chuntas mionairgid agus carta creidmheasa i gceart ag deireadh na bliana.	

5. Cinntigh go bhfuil an t-iarmhéid sa Chuntas Rialaithe Airgid i gcomhréir le méid an airgid thirim agus na seiceanna atá á gcoimeád sa taisceadán ar an 31 Lúnasa 2025.	
6. Cinntigh go bhfuil an t-iarmhéid sa chuntas imréitigh íocaíochtaí ar líne (cód 1870) i gcomhréir leis an méid airgid atá dlite ón gcuideachta íocaíochtaí ar líne amhail ar an 31 Lúnasa 2025.	
7. Taifid phárolla: Déan taifid phárolla a phriontáil do na fostaithe faoi leith don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2025, déan cóip den achoimre párolla don bhliain 2024 a phriontáil agus bíodh cóip chúltaca den phárolla sábháilte agat ar mhéaróg chuimhne le haghaidh 2024 agus suas go dtí an 31 Lúnasa 2025.	
8. Ba cheart gurbh ionann an méid sa chuntas rialúcháin ÍMAT/ÁSPC/MSU/CMÁ (cód ainmniúil 2250) agus an méid ÍMAT/ÁSPC/MSU/CMÁ atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim amhail ar an 31 Lúnasa 2025. (Sa chás go mbaintear úsáid as irisí párolla).	
9. Ba chóir gurbh ionann an cuntas rialúcháin glanphá (cód 2200) agus náid, nó más ann d'iarmhéid, ba chóir é a mhíniú.	
10. Aon iarmhéideanna eile i gcuntais rialúcháin a bhaineann le pá (m.sh. táillí ceardchumainn, Scéim Pinsin Poiblí Aonair, Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise), ba cheart gurbh ionann iad agus na méideanna dlite amhail ar an 31 Lúnasa 2025 (más rud é go bhfuil an párolla á thaifeadadh tríd an leabhar cúnta párolla).	
11. CBL: Caith súil siar ar ROS lena chinntiú gur cuireadh isteach na tuairisceáin CBL go léir. Cuimhnigh nach mór duit tuairisceáin CBL a chomhdú fiú amháin más ionann do dhliteanas agus toradh nialasach. Ba cheart gurbh ionann an méid sa chuntas rialúcháin CBL (cód ainmniúil 2260) agus an méid CBL atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim amhail ar an 31 Lúnasa 2025 (má táthar ag úsáid leabhair cúnta CBL).	
12. RCT: Áirithigh go ndearnadh na hasbhaintí uile a baineadh ó Fhochonraitheoirí chun críocha RCT a thuairisciú chuig na Coimisinéirí Ioncaim.	

Ba cheart gurbh ionann an méid sa chuntas rialúcháin RCT (cód ainmniúil 2270) agus an méid RCT atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim amhail ar an 31 Lúnasa 2025.	
13. Cumann na dTuismitheoirí: Áirithigh go gcuirtear an doiciméadúchán airgeadais uile ar fáil do chuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoile lena gcuimsiú i gcuntais airgeadais bhliantúla na scoile.	
14. Déan liosta creidiúnaithe de láimh ar an 31 Lúnasa 2025 (airgead atá dlite den scoil). Má úsáideann tú an mórleabhar ceannachán déan liosta a phriontáil de na creidiúnaithe gan íoc amhail an 31 Lúnasa 2025. • Meaitseáil iarmhéid an chreidiúnaí/an tsoláthraí ar an tuarascáil leis an iarmhéid ar an ráiteas a fuarthas ón soláthraí (nó leis an sonrasc gan íoc mura bhfuil aon ráiteas ar fáil). • Ba cheart aon difríocht idir an t-iarmhéid ar an tuairisc agus an t-iarmhéid ar an ráiteas a fhiosrú.	

• Ba cheart aon iarmhéid diúltach ar an tuarascáil de liosta na soláthraithe amuigh a fhiosrú le fáil amach an bhfuil aon sonrasc ceannacháin ann nár breacadh síos. Iarr cóipeanna de shonraisc ar na soláthraithe agus déan iad a phróiseáil ar Sage 50.	
15. Cuir liosta féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí i gcrích de láimh amhail ar an 31 Lúnasa 2025 (airgead atá dlite don scoil). Má úsáideann tú an mórleabhar díolachán, déan liosta a phriontáil de na féichiúnaithe gan íoc amhail ar an 31 Lúnasa 2025**.** • Déan cinnte gurb ionann iarmhéideanna na gcustaiméirí ar an tuarascáil agus na ráitis a seoladh chuig na custaiméirí. • Ba cheart aon iarmhéid diúltach ar an tuarascáil de liosta na gcustaiméirí amuigh a fhiosrú le fáil amach an ann d'aon sonrasc díolacháin nár breacadh.	
16. Aon ioncam faighte sa bhliain reatha (2024/2025), atá ceaptha don bhliain dar gcionn (2025/2026), ba chóir é a thaispeáint ar an gclár comhardaithe faoi chód 2105 mar ioncam scoile a fuarthas roimh ré. Bain úsáid as feidhm na roinne chun anailís a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla laistigh den chuntas ainmniúil. Éascóidh sé seo tuarascáil ghníomhaíochtaí ainmniúla a reáchtáil de réir roinne do chód 2105 amhail ag an 31.08.2025 chun críocha iniúchóireachta.	
17. Mar mhalairt ar sin, déan liosta de láimh d'ioncam/dheontais a fuair an scoil le linn a bliana 2024/2025 a bhaineann le scoilbhliain 2025/2026 e.g., deontas leabhar, táillí idirbhliana, táillí riaracháin na scoile, ranníocaíocht dheonach.	
18. Déan na deontais don bhliain a athbhreithniú lena chinntiú gur cuimsíodh na deontais uile a fuarthas don chéad scoilbhliain eile sna cuntais mar 'Deontais a Fuarthas Roimh Ré' (cóid ainmniúla 2150-2152).	
19. Cinntigh go ndéantar Deontas Scéim na Leabhar Scoile Saor in Aisce agus an Deontas Tacaíochta Riaracháin a fuarthas sa bhliain airgeadais 2024/2025 don bhliain airgeadais 2025/2026 a thaifeadadh faoin gcód 2151. Ba cheart go mbeadh na costais ghaolmhara i gcód 1720, áfach.	
20. Déan an t-ioncam agus caiteachas a athbhreithniú maidir le haon deontais/ioncam imfhálaithe agus tabhair ar aghaidh aon mhéideanna nár caitheadh mar dheontais/ioncam gan chaitheamh. Féach Aguisín 1 chun tuilleadh faisnéise a fháil.	
21. Cruthaigh Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí Ainmniúla agus seiceáil ar breacadh síos na hidirbhearta go cruinn lena chinntiú gur tugadh cuntas ceart orthu.	
22. Ba cheart Coigeartuithe Deireadh Bliana maidir le creidiúnaithe, féichiúnaithe agus ioncam faighte roimhe ré a bhreacadh in SAGE 50 ar an 31.08.2025 roimh an bpróiseas deireadh bliana a rith más féidir.	

Céim 2: Priontáil amach na Tuarascálacha Airgeadais atá molta amhail ar an 31.8.2025

Tuarascálacha	Tuarascálacha a Rith
Comhardú Trialach	Nominal codes > Trial Balance Nominal codes > Reports > Trial Balance

Clár Comhardaithe	Nominal codes > Reports > My nominal code reports >BOM Balance Sheet
Brabús agus Caillteanas	Nominal codes > Reports> My nominal code reports>BOM Income & Expenditure Account
Gníomhaíocht Ainmniúil	Cóid ainmniúla > Tuarascálacha> Gníomhaíocht Ainmniúil
Íocaíochtaí / Fáltais Neamhréitithe	Bank accounts > Reports > Unreconciled transactions
Tuarascáil ar chreidiúnaithe aosaithe (le haghaidh scoileanna a úsáideann an modúl Soláthraithe amháin)	Soláthraithe > Tuarascálacha > Creidiúnaithe aosaithe > Achoimre ar chreidiúnaithe aosaithe Suppliers > Reports > Aged creditors > Aged creditors detailed Suppliers > Reports > Activity > supplier activity detailed
Tuarascáil ar fhéichiúnaithe aosaithe (le haghaidh scoileanna a úsáideann an modúl Custaiméirí amháin)	Customers > Reports > Aged debtors > Aged debtors analysis summary Customers > Reports > Aged debtors > Aged debtors analysis detailed Customers > Reports > Activity>customer activity detailed
Department Report Cód 2105	Departments > Reports > Nominal Analysis > Nominal Department analysis detailed > nominal code 2105 and 2105, fág department mar an réamhshocrú, roghnaigh na dátaí cuí 

<u>Céim 3: Deireadh na Bliana a Bhainistiú in Sage 50</u>

3.a Sage 50 a choinneáil suas chun dáta don bhliain airgeadais nua

Tá deireadh bliana bog ag Sage 50, rud a chiallaíonn gur féidir leat breacadh i do bhliain airgeadais nua sula ritheann tú an rogha Deireadh Bliana. Tá sé tábhachtach a bheith cinnte de **go bhfuil dáta an idirbhirt ceart**. Beidh teachtaireacht le feiceáil ina gcuirfear in iúl go bhfuil an dáta lasmuigh den bhliain airgeadais reatha, cliceáil ar Ok nó Tá.

Féadfar na tuarascálacha a leanas a rith i leith na bliana airgeadais nua go dtí go ritheann tú an próiseas deireadh bliana - Brabús agus Caillteanas ó Idirbhearta, Cláir chomhardaithe na nIdirbheart agus tuarascálacha ar Chomharduithe Trialacha na nIdirbheart. Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil na tuarascálacha sin beartaithe le haghaidh úsáid inmheánach/oifige agus nár cheart iad a úsáid le haghaidh cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta.

3.b Oibrigh leis an gcuntasóir chun cuntais agus coigeartuithe dheireadh na bliana a thabhairt chun críche

Ba cheart do scoileanna idirchaidreamh a dhéanamh lena gcuntasóirí/lena n-iniúchóirí seachtracha agus a iarraidh orthu a gcuid cuntas a athbhreithniú chomh luath agus is féidir agus Dréacht-chomhardú Trialach a chur isteach, ina n-áireofar athruithe ar na cuntais ioncaim agus caiteachais don bhliain. Féadfar na coigeartuithe iniúchta a bhfuil gá leo a chur isteach i Sage 50 sula ndéanfar deireadh na bliana a phróiseáil agus beidh na figiúir le haghaidh Ioncaim agus Caiteachais a bheidh le feiceáil sna cuntais arna gcur i gcartlann i gcomhréir, tríd is tríd, leis na Ráitis Airgeadais sínithe amhail ar an 31.8.2025. Má bhíonn tuilleadh athruithe i gceist tar éis próiseáil dheireadh na bliana, féadfar na coigeartuithe a dhéanamh ar chóid an Chláir Chomhordaithe dar dáta an 31.08.2025.

3.c Is é an 10 Deireadh Fómhair 2025 an dáta is déanaí is féidir an próiseas deireadh bliana a rith in Sage 50

Chun tuarascálacha an Bhoird Bhainistíochta a rith i gcomhair na bliana nua, lena n-áirítear an buiséad le haghaidh 2025/2026 agus figiúir na bliana roimhe sin, ní mór Deireadh na Bliana Airgeadais a rith in Sage 50. Dá bhrí sin, ní féidir an próiseas deireadh bliana seo a chur siar rófhada sa Bhliain Airgeadais nua ar mhaithe le coigeartuithe iniúchta**.**

Molaimid gurb é an dáta is déanaí chun an próiseas Deireadh Bliana a rith in Sage an 10 Deireadh Fómhair 2025 chun a chinntiú go bhfaighidh an Bord Bainistíochta na tuarascálacha cinntitheacha go léir don bhliain airgeadais nua. Déan teagmháil linn mura bhfuil tú in ann an próiseas deireadh bliana a rith ag an am sin.

3.d Déan dhá chúltaca córais

Déan **DHÁ Chúltaca** ar a laghad agus déan iad a shábháil in dhá shuíomh ar leithligh (tiomántán crua seachtrach/Líonra). Tabhair 'Roimh Dheireadh na Bliana' mar ainm air ' - tá sé ríthábhachtach cóip chúltaca a dhéanamh de na sonraí sula ndéanfar an próiseas deireadh bliana a rith, toisc gurb é sin **an t-aon bhealach** chun dul ar ais go dtí staid réamhbhliana.
Féach ar Chuid G maidir le deireadh do bhliana a rith i Sage 50. Féadtar tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ar aon cheann de na saincheisteanna sa Treoirlíne seo ach dul i dteagmháil leis an FSSU.

3.e Próiseas Deireadh Bliana Airgeadais a Rith

- **Athraigh dáta an chláir**-athraigh dáta an chláir go dtí an lá deireanach den bhliain airgeadais. e.g., 31 Lúnasa 2025.
- **Déan DHÁ chóip chúltaca agus cuir an lipéad 'Roimh Dheireadh na Bliana' orthu** - tá sé ríthábhachtach cóip chúltaca a dhéanamh de na sonraí sula ndéanfar deireadh na bliana a rith, toisc gurb é sin **an t-aon slí** chun dul ar ais go dtí staid réamhbhliana. Moltar dhá chóip chúltaca a dhéanamh mar réamhchúram ar eagla go ndéanfaí damáiste do na meáin chúltaca nó go gcaillfí ceann díobh.
- **Chun an próiseas Deireadh Bliana a rith, roghnaigh Tools > Period End > Year End.**
- Ansin taispeánfar an fhuinneog deireadh bliana agus cuirfear na céimeanna go léir i gcrích.
- **Archive Data** - roghnaigh an rogha seo chun sonraí a chartlannú. Ar an mbealach sin beidh tú in ann féachaint ar sheansonraí gan seanchóipeanna cúltaca a thabhairt ar ais.
- **Seiceáil go bhfuil na sonraí a thaispeántar ag bun na fuinneoige Deireadh Bliana ceart sula roghnaíonn tú an rogha Rith Deireadh Bliana.**
- **Roghnaigh TÁ má tá na dátaí Deireadh Bliana ceart.**
- Beidh scáileán dul chun cinn deireadh bliana le feiceáil ansin. Nuair a bheidh sé curtha i gcrích fiafrófar díot an mian leat iris Deireadh Bliana a phriontáil. Cliceáil ar ok.
- Beidh teachtaireacht deiridh le feiceáil le deimhniú go bhfuil an próiseas deireadh bliana airgeadais curtha i gcrích**, cliceáil ar OK.**

3.f Sonraí a Sheiceáil Tar Éis an próiseas Deireadh Bliana a Rith

- Déan comhardú trialach **Brought Forward** a rith. Roghnaigh **Modules > Nominal codes > Trial Balance** i gcomhair na tréimhse, roghnaigh **Brought Forward**
- Deimhnigh nach bhfuil aon chóid ioncaim agus caiteachais ar an tuarascáil sin
- Ansin, déan do shonraí a sheiceáil arís **File > Maintenance > check Data**
- Ar deireadh, déan cóip chúltaca eile de na sonraí agus cuir **'After Year End'** mar lipéad uirthi

- **NÁ déan an rian iniúchta a ghlanadh.** Má tá sonraí cuntasaíochta le haghaidh níos mó ná dhá bhliain ar Sage 50 áfach, agus gur cosúil go bhfuil próiseáil Sage moill mar thoradh ansin ba cheart smaoineamh ar an rian iniúchta a ghlanadh. Féach an rannán Sage 50 den suíomh gréasáin le haghaidh sonraí maidir leis an bpróiseas sin.

  Tá sonraí iomlána maidir leis an bpróiseas deireadh bliana a rith le fáil in 'FSSU SAGE Accounts Manual -Section 8'

11. Ba cheart an Buiséad Scoile le haghaidh 2025/2026 a iompórtáil anois chuig Sage 50

Tá bileog excel san áireamh i dTeimpléad Buiséid 2025/2026 ar a dtugtar "Sage 50 Import" ina dtugtar achoimre ar na cóid ainmniúla agus na figiúirí buiséid iomlána don bhliain. Is féidir na sonraí i gColún A, B & D den bhileog seo a chóipeáil isteach i dteimpléad atá ar fáil i Sage 50, agus cuirfidh sé seo ar chumas na sonraí buiséid a iompórtáil isteach i Sage 50.

Féach ar ár suíomh gréasáin anseo chun treoir a fháil maidir leis an bpróiseas. Déan deimhin de go bhfuil na cóid ainmniúla céanna ag do theimpléad iompórtála buiséid agus atá i do chuntais Sage 50 agus go ndéanfar cóip chúltaca sula ndéantar an fhaisnéis a iompórtáil.

12. Coigeartuithe iniúchta

Nuair atá deireadh na bliana rite agat, ba cheart an dáta 31.08.2025 a chur le haon choigeartuithe iniúchta ar Chuntais 2024/2025 agus ní ceart iad a dhéanamh ach i leith cóid an Chláir Chomhardaithe agus na coigeartuithe Ioncaim agus Caiteachais á mbreacadh agat i gcód Cúlchistí Ioncaim 2710.

13. Comparáidí na bliana roimhe sin

Do na scoileanna sin ar mian leo go mbeadh comparáidí idir an bhliain roimhe agus an bhliain reatha go dtí seo le feiceáil ina gCuntas Ioncaim agus Caiteachais in ionad na bliana roimhe ina hiomláine, tá an tuarascáil roghnach sin mar aon le treoracha maidir lena gcóipeáil isteach in Sage 50 le fáil sa chuid Ag tosú le Sage 50 dár láithreán gréasáin.

14. Oiliúint Sage 50

Tá roinnt seimineár gréasáin oiliúna beo á reáchtáil againn ó Lúnasa go Deireadh Fómhair chun an Treoirlíne seo a fhorlíonadh agus a thacú trí threoir a chur ar fáil maidir leis an gcuntas deireadh bliana a réiteach agus a thabhairt chun críche in Sage 50.

Cuirfidh na seimineáir ghréasáin seo uile leis an soláthar físeán éilimh FSSU do Sage 50 atá ar fáil ar ár suíomh idirlín. Chomh maith leis na físeáin Sage, tá rannán feabhsaithe ar ár suíomh idirlín (cliceáil anseo) a bhfuil áiseanna éagsúla d'fhíseáin oiliúna ann do phearsanra nua cuntas, rud a fheabhsóidh a saineolas ar chuntais scoile a ullmhú.

Leanfaidh an FSSU le tacaíocht agus oiliúint leanúnach a chur ar fáil le cinntiú go n-úsáideann Scoileanna an bogearra chomh maith agus is féidir agus leanfaidh sé de chúnamh a thabhairt do scoileanna maidir leis na gnéithe nua atá ar fáil i Sage 50 Accounts. Molaimid, go háirithe, úsáid a bhaint as fothaí bainc mar gheall go bhfeabhsóidh sé seo éifeachtúlacht agus tráthúlacht na feidhme cuntas, agus ligeann an chianrochtain ar shonraí d'úsáideoirí ceadaithe ó lucht bainistíochta na scoile rochtain fíorama a bheith acu ar shonraí airgeadais na scoile.

Teil: 01-269 0677
info@fssu.ie

An 26 Lúnasa 2025

Aguisín 1
Cur Chuige Cuntasaíochta maidir le Deontais/Ioncam Imfhálaithe gan Chaitheamh

Faightear roinnt deontas/ioncam chun críche ar leith, mar shampla an deontas TFC agus an deontas maoirseachta agus ionadaíochta. Tugtar deontais imfhálaithe orthu sin. Ba cheart an sciar de na deontais sin nach bhfuil caite a chur siar go dtí go gcaithfear é sa scoil.

Ní mór cuntas a thabhairt ar an gcuid sin d'iarmhéideanna deontas imfhálaithe nár caitheadh ag deireadh na bliana faoin gcód ábhartha (faoi na cóid ábhartha) (2160-2180) ar an gclár comhardaithe i gcairt na gcuntas.

Samplaí de dheontais imfhálaithe iad na deontais seo a leanas.

- Deontas Scéim na Leabhar Scoile Saor in Aisce, deontas Maoirseachta agus Ionadaíochta, deontas TFC, deontas Pá Neamh-mhúinteora, deontas Tionlacaithe Bus, deontas Béilí Scoile, gach deontas caipitil, etc.

Lean na céimeanna thíos chun cuntas a thabhairt ar na deontais nár caitheadh:

- ***Céim 1****: Ríomh méid an deontais nár caitheadh amhail ar an 31.08.2025 (Ioncam Lúide Caiteachas).*

- ***Céim 2:*** *Déan iontráil dar dáta 31.08.2025 chun an t-airgead nár caitheadh a aistriú chuig an gclár comhardaithe.*

- ***Céim 3****: Déan taifeadadh sa leabhar cúnta dar dáta 01.09.2025 chun an mír gan chaitheamh a aistriú ar ais chuig an tuairisc Ioncaim & Caiteachais lena húsáid sa bhliain 31.08.2026. Is* *féidir an leabhar cúnta seo a thaifeadadh a luaithe is féidir in Sage 50mar tá sé bunaithe ar dhátaí.*

Cliceáil anseo le haghaidh bileog oibre chun cabhrú le cuntas a thabhairt ar dheontais gan chaitheamh.

Tábla 1

Sampla de Chuntas a Dhéanamh ar dheontas gan chaitheamh

Deontas	Céim 1		Céim 1		Céim 1	Céim 2		Céim 3	
	Ioncam		Caiteachas		Iarmhéid an Deontais amhail ar an 31.08.2025	Méid gan Chaitheamh sa Leabhar Cúnta amhail ar an 31.08.2025		Méid sa Leabhar Cúnta amhail ar an 01.09.2025	
	Cód Ainmniúil	Méid	Cód Ainmniúil	Méid	Méid	Cód Dr	Cód Cr	Cód Dr	Cód Cr
Deontas um fheidhmiú na heolaíochta (2150)					22,000			2150	3245
Costais ghaolmhara (1720)					2,000			4390	1720
Deontas Scéim na Leabhar Scoile don tSraith Shóisearach 24/25	3151	€75,000	4731	€70,000	€5,000	3151	2160	2160	3151
Deontas Riaracháin do Scéim na Leabhar Scoile don tSraith Shóisearach 24/25	3152	€2,500	4113	€2,000	€500	3152	2160	2160	3152
Deontas Scéim na Leabhar Scoile don tSraith Shinsearach 24/25	3150	€9,600	4730	€8,900	€700	3150	2160		
Deontas le haghaidh Maoirseacht agus Ionadaíocht	3240	€5,130	4150	€4,200	€930	3240	2170	2170	3240
Deontas Caipitil faoi chomhair Leabhair don Leabharlann Scoile	3155	€15,000	4641	€1,000	€14,000	3155	2161	2161	3155
Deontas i gcomhair Coimhdirí Bus	3294		4196			3294	2171	2171	3294
DSP Béilí Scoile	3296		4912			3296	2171	2171	3296
Straitéis Dhigiteach/Deontas TFC (Neamhchaipiteal)	3230	€27,500	4410	€17,500	€10,000	3230	2165	2165	3230
Straitéis Dhigiteach/Deontas TFC (Caipitiúil)	3921	€27,500	1461	€17,500	€10,000	3921	2165	2165	3921
Deontas Roinnte Digiteach (Neamh-chaipitiúil)	3230	€20,000	4410	€17,500	€2,500	3230	2179	2179	3230

Deontas Roinnte Digiteach (Caipitiúil)	3921	€20,000	1461	€17,500	€2,500	3921	2179	2179	3921
Deontas Caipitil: Foirgníocht	3900	€90,000	3940	€80,000	€10,000	3900	2171	2171	3900
Deontas Caipitil: Trealamh	3920	€25,000	1421	€20,000	€5,000	3920	2171	2171	3920